Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

Stáidéar Mótarfheithiclí agus Úsáideoirí Bóithre

Aonad 1: Teoiric Mótarfheithiclí agus Úsáideoirí Bóithre

[GMR11]

GMR11

Measúnú

AM

1 uair 45 nóiméad.

Leibhéal Rialaithe an Mheasúnaithe

Ticeáil an bosca ábhartha (✓)

Coinníollacha Rialaithe	
Eile	

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.
Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach nó ar leathanaigh bhána.
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach** ceist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 160 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna **44**, **45**, agus **46**.

12454.02

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

12454.02

32GMR1102

Freagair **gach** ceist

1 Cé acu ceann **amháin** díobh seo a leanas nach meastar é mar ghné de mhoilliú tráchta?

Litir _____ [1]

A	B	C	D	E
Bearnaí geata	Tulóga moillithe	Sraontaí cothrománacha	Timpealláin	Cúngú bóthair

2 Is é "*Autobahn*" an t-ainm a thugtar ar mhótarbhealach sa _____. [1]

3 Is píosaí comhairle iad stop, amharc agus éist atá tugtha sa _____

_____ _____ . [1]

4 Stodaí bóthair a bhfuil dath dearg orthu, sainaithníonn siad

_____ . [1]

5 Uisce bodhar, boinn chaite agus barraíocht luais, is cúis iad le carr a bheith ag

_____ . [1]

[Tiontaigh an leathanach

6 Na marcanna feithicle seo a leanas, is samplaí iad de phlátaí

_____ _____ . [1]

Fíor 6.1

7 An teorainn dhlíthiúil maidir le coir tiomána faoi thionchar an óil, is í

_____ mg d'alcól sa 100 ml den fhual í. [1]

8 An luasteorainn d'fheithicil earraí atá níos mó ná 7.5 tonna ar charrbhealach singil,

is í _____ msu (*mph*) í. [1]

9 An comhartha géige i **bhFíor 9.1** thíos, cad é a léiríonn sé?

_____ [1]

Fíor 9.1

10 Cad é an giorrúchán a mbaintear úsáid as le cur síos a dhéanamh ar an chineál feithicle atá ar taispeáint i **bhFíor 10.1** thíos?

_____ [1]

Fíor 10.1

11 An doimhneacht dhlíthiúil tráchta do na boinn ar ghluaisrothar,

is é _____ mm. [1]

12 Stíl scairde, aghaidh oscailte agus lánaghaidh, is cineálacha de

_____ iad uilig. [1]

13 Cé acu deich mbliana inar dearadh agus ar tógadh na chéad mhótarbhealaí sa RA (*UK*)?

_____ [1]

14 Breosla, ola, boinn, seirbhísiú agus deisiú, is samplaí iad de

chostais _____ feithicle. [1]

[Tiontaigh an leathanach

15 Carr a ceannaíodh ar £16,500 agus a díoladh trí bliana ina dhiaidh ar £9,000, bhí meán-dímheas bliantúil de £ _____ aige. [1]

16 Nuair a stopann taismeach de bheith ag análú, tógann sé _____ nóiméad go neasach go dtarlóidh dochar inchinne nó go bhfaighidh sé bás. [1]

17 I **bhFíor 17.1** thíos, tá na príomhpháirteanna den timthriall _____ _____ ar taispeáint. [1]



Fíor 17.1

18 Nascann slata ceangail na _____ leis an chromfhearsaid. [1]

19 Tá leictrilít le fáil sa _____. [1]

20 Cuireann an _____ ar a chumas don fheithicil bheith ag feidhmiú ag an teocht optamach. [1]

Rialú Feithiclí agus Iompraíocht Úsáideoirí Bóithre

21 Cá háit a bhfeicfeá an comhartha i **bhFíor 21.1** thíos?

_____ [1]



Fíor 21.1

22 Cad é an fheidhm atá le moilliú tráchta?

_____ [1]

23 Taispeánann **Fíor 23.1** agus **Fíor 23.2** thíos dhá chineál de chomhartha bóthair. Sainaithin gach cineál.

Fíor 23.1 _____ [1]

Fíor 23.2 _____ [1]

Fíor 23.1



Fíor 23.2

[Tiontaigh an leathanach

24 Comhlánaigh an comhartha bóthair i **bhFíor 24.1** thíos le “cosc ar chasadh ar dheis” a thaispeáint. [2]



Fíor 24.1

25 Cé leo na feithiclí marcáilte i **bhFíoracha 25.1 – 25.3**?

Fíor 25.1 _____ [1]

Fíor 25.2 _____ [1]

Fíor 25.3 _____ [1]

Image removed due to Copyright restrictions.

Fíor 25.1

Image removed due to Copyright restrictions.

Fíor 25.2

Image removed due to Copyright restrictions.

Fíor 25.3

26 Cad é a chiallaíonn gach ceann de na giorrúcháin seo a leanas?

1. *PCV* _____ [1]
2. *VED* _____ [1]
3. *MOT* _____ [1]

27 **(a)** Tá ceithre shampla de ghuaiseacha bóthair ar taispeáint i **bhFíoracha 27.1–27.4** thíos. Do gach grianghraf, luaigh contúirt fhéideartha **amháin** do thiománaithe.

Fíor 27.1

Fíor 27.2

Fíor 27.3

Fíor 27.4

Fíor 27.1 _____

_____ [1]

Fíor 27.2 _____

_____ [1]

Fíor 27.3 _____

_____ [1]

Fíor 27.4 _____

_____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

(b) Luaigh fáth **amháin** ar chóir do dhá charr atá ag casadh ar a chéile faoin droichead i **bhFíor 27.5** a luas a laghdú.

_____ [1]

Fíor 27.5

28 Tá ceart ginearálta ag na póilíní mótarfheithiclí a stopadh.

(a) Scríobh **trí** ócáid nuair is féidir go stopfaidh póilín mótarfheithicil.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

3. _____ [1]

(b) Thig leis na póilíní éileamh ar thiománaí doiciméid áirithe a thaispeáint. Ainmnigh **dhá** dhoiciméad.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

29 Ainmnigh **ceithre** sheiceáil atá déanta le carr a ullmhú don tiomáint sa gheimhreadh.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

3. _____ [1]

4. _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

30 **(a)** Cad é an chontúirt is mó ar an phíosa bóthair chun tosaigh i **bhFíor 30.1** thíos?

_____ [1]

Fíor 30.1

(b) Cad é an gníomh a dhéanfadh tiománaí bus nó mórfheithicle earraí (*LGV*) nuair a chasfaí feithicil air atá ag teacht ina threo ag an choirnéal i **bhFíor 30.1** thuas?

_____ [1]

(c) Cad é an gníomh a dhéanfadh tiománaí bus nó mórfheithicle earraí (*LGV*) le dul go sábháilte thart an coirnéal i **bhFíor 30.1** thuas, nuair nach bhfuil aon fheithiclí ag teacht ina threo?

_____ [1]

(d) Luaigh luasteorainn chuí don bhóthar i **bhFíor 30.1** thuas agus tabhair fáth le do fhreagra.

1. Luasteorainn _____ [1]

2. Fáth _____

_____ [1]

(e) Luaigh **dhá** ghníomh is féidir le paisinéirí bus a dhéanamh lena gcuid sábháilteachta féin a fheabhsú.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

31 **(a)** Seachas an comhartha, ainmnigh **dhá** dhóigh a gcuirfí i gcuimhne duit go bhfuil tú ag dul i dtreo timpealláin.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(b) Scríobh síos **dhá** chúinse nuair atá cead ag tiománaí bheith ag tiomáint ar an taobh dheas den bhóthar.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(c) Cad é ba chóir do thiománaí a dhéanamh má tá tiománaí eile á leanúint ró-ghar taobh thiar de?

_____

_____ [1]

32 Luaigh an chiall atá le gach ceann de na comharthaí bóthair atá ar taispeáint i **bhFíoracha 32.1–32.6** thíos.

Fíor 32.1

Fíor 32.2

Fíor 32.3

Fíor 32.4

Fíor 32.5

Fíor 32.6

Fíor 32.1 _____ [1]

Fíor 32.2 _____ [1]

Fíor 32.3 _____ [1]

Fíor 32.4 _____ [1]

Fíor 32.5 _____ [1]

Fíor 32.6 _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

Ceanglais Dhlíthiúla

33 **(a)** Scríobh síos **trí** fháth a bhfuil mótarárachas chomh costasach d'fhireannaigh atá idir 17 agus 21 bliain d'aois.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

3. _____ [1]

(b) Scríobh síos na hainmneacha atá ar na **trí** chineál dhifriúla de mhótarárachas.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

3. _____ [1]

(c) Cé acu cineál mótarárachais arb é an ceann is saoire é?

_____ [1]

34 **(a)** Scríobh síos **dhá** fheidhm atá le trácht ar bhoinn mhótarfheithicle.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(b) Luaigh **trí** sheiceáil is féidir a dhéanamh ar bhoinn feithicle.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

3. _____ [1]

(c) Is féidir an fhaisnéis seo a leanas a fháil scríofa ar thaobh boinn:

215/60 R15

Cad é an fhaisnéis atá tugtha ag an luach

1. 215? _____ [1]

2. R15? _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

Iompar ar Bóthar agus a Thionchar ar an tSochaí

35 **(a)** Luaigh **dhá** shampla de gháis sceite seachas dé-ocsaíd charbóin.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(b) Luaigh **dhá** shampla de thruailliú féideartha torainn ó charranna.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

36 **(a)** Luaigh an dóigh a dtig le tiománaithe a chinntiú nach ndéanann a bhfeithicil barraíocht torainn.

_____

_____ [1]

(b) Luaigh **dhá** dhóigh ar féidir modhanna bainistíochta tráchta a úsáid le truailliú ó thorann a laghdú i mbailte móra agus i gcathracha.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

37 Mínigh go hachomair an chiall atá leis na téarmaí seo a leanas maidir le carr a cheannach.

1. Díolachán díreach _____

_____ [1]

2. RCB (*APR*) _____

_____ [1]

3. Feithicil faoi bharánta _____

_____ [1]

38 **(a)** Faigheann ionadaí díolachán liúntas míleáiste de 48p/míle don chéad 350 míle, 42p/míle don chéad 150 míle eile agus 35p/míle do gach míle ina dhiaidh sin. Cá mhéad airgid a éilíonn an t-ionadaí díolachán as 750 míle a thaisteal in aon mhí amháin?

[4]

[Tiontaigh an leathanach

(b) Tá buiséad de £350 ag an ionadaí díolachán le caitheamh gach mí ar bhreosla.

Cá mhéad airgid atá fágtha ag an ionadaí?

[1]

(c) Duine ar mhaith leis carr a cheannach, feiceann sé carr atá cosúil leis in dhá gharáiste dhifriúla. Tá costas £14,000 ar an charr sa dá gharáiste. Tá garáiste A ag iarraidh éarlaise de 20% le 36 íocaíocht mhíosúil de £350. Tá garáiste B ag iarraidh éarlaise de £3,500 agus íocaíochtaí míosúla de £350 thar thrí bliana.

Ag deireadh na tréimhse aisíocaíochta cé acu rogha is saoire agus faoi cá mhéad airgid?

[4]

39 Liostaigh **dhá** chostas sheasta a bhaineann le gluaisteánaíocht.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

Gnásanna Imbhuailte

40 **(a)** Cad é an luí atá ar taispeáint i **bhFíor 40.1** thíos?

_____ [1]

Fíor 40.1

(b) Scríobh síos **dhá** shiomptóm atá ag taismeach a bhfuil suaitheadh air.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(c) Scríobh síos **trí** phíosa faisnéise ba chóir do thiománaí a thabhairt do na seirbhísí éigeandála agus taisme á tuairisciú aige.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

3. _____ [1]

(d) Is dhá shampla iad na póilíní agus an tseirbhís otharchairr de sheirbhísí éigeandála.
Ainmnigh seirbhís éigeandála **amháin** eile.

_____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

Teicneolaíocht Mhótarfheithicle

41 Tá léaráid de charr ar taispeáint i **bhFíor 41.1** thíos.



Fíor 41.1

(a) Sna spásanna chuige sin, ainmnigh na comhpháirteanna atá uimhrithe **1–8**.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

3. _____ [1]

4. _____ [1]

5. _____ [1]

6. _____ [1]

7. _____ [1]

8. _____ [1]

(b) Cé acu comhpháirt feithicle:

1. a ligeann do na coscáin bheith curtha i bhfeidhm le gan ach beagán brú?

   _____ [1]

2. a thugann cainníochtaí beachta breosla do na sorcóirí in inneall díosail?

   _____ [1]

3. a threisíonn an voltas go dtí 30 000 volta?

   _____ [1]

4. a oibríonn agus a scaoileann an seafta tiomána sa chóras tras-seolta?

   _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

42 **(a)** Meaitseáil na comhpháirteanna **A** go **D** lena gcórais 1–4.

Comhpháirteanna

A Ailtéarnóir

B Spréachphlocóid

C Umar

D Teirmeastat

Córais

1. Bealú _____ [1]

2. Luchtú _____ [1]

3. Fuarú _____ [1]

4. Adhaint _____ [1]

(b) Ainmnigh **ceithre** pháirt atá le fáil i gcóras tras-seolta feithicle.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

3. _____ [1]

4. _____ [1]

43 **(a)** Na comhpháirteanna atá ar taispeáint i **bhFíor 43.1** thíos, cé acu **dhá** chóras feithicle ar leo iad?

1. An córas _____ [1]

2. An córas _____ [1]

Fíor 43.1

(b) Ainmnigh an **dá** chomhpháirt atá lipéadaithe 1–2 i **bhFíor 43.1** thuas.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

(c) Ainmnigh na páirteanna atá lipéadaithe 1–2 i **bhFíor 43.2** thíos.



Fíor 43.2

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(d) Cé acu cineál coscán ina bhfaighfeá na páirteanna i **bhFíor 43.2** thuas?

_____ [1]

(e) Bíonn córas hiodrálach coscánaithe á chur ar fáil ag an choscán coise; déantar cur síos ar an choscán láimhe mar _____ . [1]

44 Luaigh **ceithre** dhifríocht agus **dhá** chosúlacht idir mótarbhealaí agus débhealaí.

Difríochtaí

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Cosúlachtaí

_____

_____

_____ [6]

[Tiontaigh an leathanach

45 Cad é mar is féidir le gluaisrothaí bheith ina úsáideoir freagrach bóithre?

Déan tagairt do réamhchúraimí agus iompraíocht i do fhreagra.

Réamhchúraimí

Iompraíocht

[10]

12454.02

46 Luaigh an dóigh a dtig le tiománaí a chinntiú go ngníomhaíonn sé/sí go freagrach mar úsáideoir bóithre agus bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:

(a) réamheolas; **(b)** riocht na feithicle; agus **(c)** a staid mheabhrach/fhisiceach féin.

[10]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

12454.02

32GMR1130

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

12454.02

32GMR1131

FOINSÍ

Fíor. 6.1: ... *The Official Highway Code for Northern Ireland. Prepared by the Department for Infrastructure. © Crown copyright 2015. Contains public sector information licensed under the Open Government Licence v3.0.*

Fíor 9.1: ... *The Official Highway Code for Northern Ireland. Prepared by the Department for Infrastructure. © Crown copyright 2015. Contains public sector information licensed under the Open Government Licence v3.0.*

Fíor 10.1: ... *© Getty Images*

Fíor 17.1: ... *© Motor Vehicle and Road User Studies by Eamonn McPolin (ISBN: 978-1906578312) Published by Colourpoint Educational, 2009*

Fíor 21.1: ... *The Official Highway Code for Northern Ireland. Prepared by the Department for Infrastructure. © Crown copyright 2015.Contains public sector information licensed under the Open Government Licence v3.0.*

Fíor 23.1: ... *© Getty Images*

Fíor 23.2: ... *© Getty Images*

Fíor 24.1: ... *© Getty Images*

Fíor 27.1-27.5: *© Getty Images*

Fíor 30.1: ... *© Chief Examiner*

Fíor 32.1-32.6 *The Official Highway Code for Northern Ireland. Prepared by the Department for Infrastructure. © Crown copyright 2015. Contains public sector information licensed under the Open Government Licence v3.0.*

Fíor 40.1: ...*© Getty Images*

Fíor 41.1: ... *© Motor Vehicle and Road User Studies by Eamonn McPolin (ISBN: 978-1906578312) Published by Colourpoint Educational, 2009*

Fíor 43.1: ... *© Getty Images*

Fíor 43.2: ... *© Getty Images*

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	**Marcanna**
1–6	
6–14	
15–20	
21	
22	
23	
24	
25	
26	
27	
28	
29	
30	
31	
32	
33	
34	
35	
36	
37	
38	
39	
40	
41	
42	
43	
44	
45	
46	
Marc Iomlán	

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

12454.02